Oifig um Sholáthar Rialtais
Office of Government Procurement

# Éileamh ar Eolas Margaidh – Cláir Oideachais Múinteoirí – Earnálacha na Gaeltachta agus an Oideachais Lán-Ghaeilge

D'fhoilsigh Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) éileamh ar eolas margaidh do chláir oideachais múinteoirí atá beartaithe d'earnálacha na Gaeltachta agus an oideachais lán-Ghaeilge.

Tugtar cuireadh anois d'oibreoirí margaidh freagairtí a thabhairt a phléann leis na cuspóirí margaidh chun tuiscint a fháil ar acmhainneacht an mhargaidh maidir leis na cláir oideachais múinteoirí a bhfuil cur síos orthu thíos:

**Clár 1:**
Clár B.Oid. lánimseartha ceithre bliana, trí mheán na Gaeilge ag Leibhéal 8 (240 creidiúint ECTS): Bunleibhéal

**Clár 2:**
Clár iarchéime páirtaimseartha trí mheán na Gaeilge ag Leibhéal 9 (Dioplóma 60 creidiúint ECTS nó M.Oid. 90 creidiúint ECTS): Bunleibhéal agus Iar-bhunleibhéal

Beidh na freagairtí seo mar fhoinse eolais thábhachtach chun an tairiscint a fhorbairt má leantar lena leithéid. Is féidir rochtain a fháil ar an Éileamh ar Eolas Margaidh ar shuíomh gréasáin do ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie).

Caithfear na freagairtí go léir a bheith istigh sa bhosca litreach do ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) **faoi mheánlae 25 Lúnasa 2017 ar a dhéanaí.**

**Is réamhchomhairliúchán margaidh é seo atá á dhéanamh mar bhonn eolais chun mionsonruithe agus doiciméad tairiscintí a ullmhú. Ní glaoch don chomórtas atá ann.**

**Cúlra**
Tá straitéis chuimsitheach leagtha amach sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022* na Roinne Oideachais agus Scileanna, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2016, chun freastal ar na dúshláin shochtheangeolaíocha ag scoileanna atá lonnaithe sna limistéir pleanála teanga Ghaeltachta. Tacaíonn an *Polasaí* leis an oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá an *Polasaí* i gcomhréir le *Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030* an Rialtais agus tá sé ar cheann de thiomantais na Roinne Oideachais agus Scileanna ina Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016–2019.

**Séanadh:**
**Tabhair aird gur réamhchomhairliúchán ar mheon an mhargaidh atá anseo agus nach comórtas nó cuireadh tairisceana atá ann.**